Seachtain na Gaeilge

Tá úsáid na teanga á spreagadh ar fud na cruinne i gcaitheamh Bhliain na Gaeilge ar fad.

Tá féilire d'imeachtaí Gaeilge á heagrú go náisiúnta agus go háitiúil le linn Sheachtain na Gaeilge 2013, an fhéile Ghaeilge is mó in Éirinn agus thar lear.

Tá Seachtain na Gaeilge ar siúl ó **4 – 17 Márta 2013**. Is iad Paddy Barnes, Evanne Ní Chuilinn & Róisín Ní Thomáin ambasadóirí Sheachtain na Gaeilge in 2013.

Is féidir libhse a bheith páirteach chomh maith – féach ar liosta na n-imeachtaí a bheidh ar siúl ón 4-17 Márta agus glacaigí páirt sa spraoi. Beidh comórtas ealaíne, comórtas filíochta agus Gradam na mBunscoileanna á reachtáil arís in 2013. **www.snag.ie**

Tá Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath ag déanamh ceiliúradh ar Sheachtain na Gaeilge agus comóradh ar Bhliain na Gaeilge 2013 le clár iomlán imeachtaí lena n-áirítear cuairteanna údair, ceardlanna drámaíochta, ceol agus tuilleadh. **www.dublincitypubliclibraries.ie**

Croí na Teanga, It's You!

Seo an mana atá ag Seachtain na Gaeilge. Is le gach duine an Ghaeilge, is le gach pobal Seachtain na Gaeilge.

Gluais / Glossary

Gaeilge	Béarla
i gcaitheamh Bhliain na Gaeilge	during Bliain na Gaeilge
á spreagadh ar fud na cruinne	Encouraged throughout the world
féilire d'imeachtaí	Calendar of events
ag déanamh ceiliúradh ar agus comóradh ar	Celebrating and commemorating
lena n-áirítear	Including
cuairteanna údair, ceardlanna drámaíochta, ceol agus tuilleadh	Author visits, drama workshops, music and more

Comórtas

Dathaigh agus maisigh isteach an comhartha thíos do Sheachtain na Gaeilge agus cuirfear duaiseanna ar fáil.



Seol do fhreagra go dtí:

An tAonad Forbartha Gaeilge,
Seirbhísí Corparáideacha,
3 Sráid an Phálais, Baile Átha Cliath 2.

Dáta deiridh iontrála: 10 Aibreán 2013

Ainm: _____

Aois: _____

Rang: _____

Ainm agus Seoladh Scoile:

_____

_____

_____

Buaiteoirí:

Eagrán an Gheimhridh 2012
Seo a leanas liosta na mbuaiteoirí ón eagrán deireanach. Seolfar duaiseanna amach chugaibh sa phost. Maith Sibh!

Seán Osbourne
Our Lady Immaculate S.N.S., Darndale, BÁC 17

Caithlin Knott
Our Lady Immaculate S.N.S., Darndale, BÁC 17

Chelsea Whelan
Our Lady Immaculate S.N.S., Darndale, BÁC 17

Macdara Rutledge
North Dublin N.S.P., Glasnevin, BÁC 9

David Boylan
North Dublin N.S. P, Glasnevin, BÁC 9